C/2025/4940

9.9.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Meán Fómhair 2025

lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2026

(C/2025/4940)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314(3) de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. An 9 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún togra ina raibh dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2026 ([1]),

2. Scrúdaigh an Chomhairle an togra ón gCoimisiún d'fhonn seasamh a shainiú a bheidh comhsheasmhach, ó thaobh an ioncaim de, le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle ([2]), agus, ó thaobh an chaiteachais de, le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([3]), arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ([4]).

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

An 5 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2026.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán ([5]) nó é a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Comhairle:

https://www.consilium.europa.eu/en/documents/public-register/public-register-search

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

([1]) COM(2025)300 final.

([2]) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj).

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

([5]) 11216/25 + ADD 1 + ADD 2.